



Na páirtithe polaitiúla,  
Tionól TÉ  
Tithe na Parlaiminte  
Stór Mhónaigh  
Béal Feirste

A chara

### **Is le gach duine an Ghaeilge agus is le gach duine Acht na Gaeilge**

Tá POBAL, scátheagras abhcóideachta phobal na Gaeilge agus Turas, tionscadail na bhfoghlaimoirí Oirthear Bhéal Feirste, ag scríobh chuig do pháirtí le cothrom na Féinne agus chomhmheas a éileamh don teanga. Is oth linn go bhfuil an comhlitir seo riachtanach le fearg agus díomá phobal na Gaeilge a léiriú faoi sraith de ráitis scoilteacha, maslacha ar an teanga. Creideann muid gur chóir go mbeadh a leithéid de ráitis dó-ghlactha in áit ar bith, ach go háirithe i dTionól polaitiúil. Éilíonn muid Acht Gaeilge ceart-bunaithe leis an teanga a chosaint agus a chothú, mar a ghealladh i gComhaontú Cill Rímhinn.

Léirigh Daonáireamh RA 2011 go bhfuil 184,898 duine a bhfuil eolas ar an Ghaeilge acu i dTuaisceart na hÉireann, is é sin 10.65% den daonra. Ag méid suntasach de Ghaeilgeoirí i dTuaisceart na hÉireann, is í an Ghaeilge a rogha teanga, a labhraíonn siad gach lá sa bhaile, sa chomharsanacht, i ngníomhaíochtaí caidrimh agus san áit oibre. Chomh maith leis seo, teanga ársa, saibhir atá sa Ghaeilge, a bhfuil taisce litríochta aici. Tá sí ina teanga oifigiúil de chuid Aontas na hEorpa. Ó thuaidh, tugadh aitheantas don Ghaeilge i míreanna suntasacha de Chomhaontú Aoine an Chéasta, faoi Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh agus faoi reachtaíocht idirnáisiúnta eile. Is léir, faraor nach leor é seo uilig leis an teanga a chosaint ó ionsaithe aineolacha ná ó bheartais nó ag cinntí diúltacha, seicteacha.

Creideann POBAL agus Turas gur cheart agus gur chóir an teanga a bheith ar fáil do ghach duine. Tá oidhreacht chomhroinnte Gaeilge againn uilig agus creideann muid go dtig leis an Ghaeilge gach duine ar an oileán a thabhairt le chéile. Fud fad an domhain, tá daoine ag foghlaim na Gaeilge. Tá grúpaí agus ranganna i dtíortha na hEorpa, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil, agus i gCeanada, tá 'Gaeltacht' bheo á bhunú. Aithnítear go forleathan an tábhacht atá le reachtaíocht teanga le cuidigh le fás agus le forbairt na teangacha atá faoi bhagairt. Tá achtanna teanga ó dheas, sa Bhreatain Bheag agus in Alban. Is é tuaisceart Éireann an t-aon áit ar na hoileáin seo nach bhfuil cosaint reachtaíochta ann don phríomhtheanga dúchais.

Tugadh gealltannas Acht na Gaeilge a thabhairt isteach i gComhaontú Chill Rímhinn i 2006. Anois, ocht mbliain i ndiaidh sin, is mithid an cheist seo a bhogadh chun tosaigh, amach as

POBAL,  
Teach Uí Chorráin, Ionad an Dá Spuaic,  
155 Sráid Northumberland,  
Béal Feirste BT13 2JF  
Teil: 028 90 438132

Turas  
Skainos Bulding,  
239 Newtownards Road  
Béal Feirste BT4 1AF  
Teil: 028 90 738989



réimse na polaitíochta agus isteach i réimse an riaracháin. Aithnítear fad an domhain luach na héagsúlachta teanga agus chuideodh an tAcht linn ‘gné uathail dhíolacháin’ nó USP na tire seo, a chosaint agus a chothú. Chuideodh sé le sochaí níos sáibhre a chruthú chomh maith.

Diúltaíonn POBAL agus Turas den chur chuige scoilteach seo ‘muidne in éadan iadsan’ maidir leis an Ghaeilge agus maidir leis an Acht. Tá reachtaíocht teanga i bhfeidhm don Bhreatnais sa Bhreatain Bheag agus don Ghaeilge in Alban. Gealladh Acht na Gaeilge dúinn uilig agus tá dualgas morálta ar pholaiteoirí an gealltanais a chomhlíonadh,’

Beidh muid ag cur cóipeanna an chomhlitir chuig Theresa Villiers, Státrúnaí na Breataine, agus chuig Charlie Flanagan, Aire Gnóthaí Eachtracha ó dheas, agus chuig Gary Hart, ionadaí SAM ag na cainteanna.

Is sinne,

Janet Muller  
POBAL

Linda Ervine  
Turas

POBAL,  
Teach Uí Chorráin, Ionad an Dá Spuaic,  
155 Sráid Northumberland,  
Béal Feirste BT13 2JF  
Teil: 028 90 438132

Turas  
Skainos Bulding,  
239 Newtownards Road  
Béal Feirste BT4 1AF  
Teil: 028 90 738989